

Pinsean Stáit (Aistriú) & Pinsean Stáit (Ranníocach)

Ceisteanna Coitianta

1. Cad iad na rátaí nua den Phinsean Stáit (Aistriú) agus den Phinsean Stáit (Ranníocach) a fógraíodh i mBuiséad 2012 agus cathain a thiocfaidh siad i bhfeidhm?

Ón 1 Meán Fómhair 2012, gabhfaidh na bandaí 20-29 (SPC), 24-29 (SPT), 30-39 agus 40-47 áit an bhanda ráta 20-47. Is ar bhonn na mbandaí sin a chinntear rátaí íocaíochta pinsin.

Pinsean Stáit (Ranníocach): Rátaí 2012

Meán Bliantúil	Ráta Pearsanta (seachtainiúil)	Méadú i Leith Duine Aosaithe Cháilithe faoi 66* (uasráta seachtainiúil)	Méadú i Leith Duine Aosaithe Cháilithe atá 66+* (uasráta seachtainiúil)
48 +	€230.30	€153.50	€206.30
40-47	€225.80	€146.00	€196.00
30-39	€207.00	€139.00	€186.00
20-29	€196.00	€130.00	€175.00
15-19	€150.00	€100.00	€134.00
10-14	€92.00	€61.00	€83.00

Pinsean Stáit (Aistriú): Rátaí 2012

Meán Bliantúil	Ráta Pearsanta (seachtainiúil)	Méadú i Leith Duine Aosaithe Cháilithe faoi 66* (uasráta seachtainiúil)	Méadú i Leith Duine Aosaithe Cháilithe atá 66+* (uasráta seachtainiúil)
48 +	€230.30	€153.50	€206.30
40-47	€225.80	€146.00	€196.00
30-39	€207.00	€139.00	€186.00
24-29	€196.00	€130.00	€175.00

* Íocaíocht faoi réir thástáil maoinne is ea Méadú i leith Duine Aosaithe Cháilithe

2. Táim ag fáil ceann amháin de na pinsin sin cheana féin; an mbainfidh an t-athrú seo ar rátaí liomsa?

Ní bhainfidh. Ní athrófar rátaí íocaíochta na ndaoine atá ag fáil na bpinsean seo cheana féin.

3. Cad iad an Pinsean Stáit (Aistriú) & an Pinsean Stáit (Ranníocach)?

Íocaíochtaí árachais shóisialta is ea an Pinsean Stáit (Aistriú) agus an Pinsean Stáit (Ranníocach) a íoctar nuair a bhíonn 65 bliain slánaithe ag duine (i gcás an Phinsin Stáit (Aistriú)) agus 66 (i gcás an Phinsin Stáit (Ranníocaigh)). Bunaítear iad ar do thaifead árachais shóisialta (ÁSPC).

Ní íocaíochtaí faoi réir tástáil maoinne iad, mar sin ní dhéanann sé difear don ráta pearsanta teach isteach eile a bheith agat, pinsean ceirde, cuir i gcás. Ach íocaíocht faoi réir thástáil maoinne is ea an Méadú i leith Duine Aosaithe Cháilithe

Ar feadh bliana amháin ag aois 65 a íoctar an Pinsean Stáit (Aistriú). Ní mór duit a bheith ar scor ó fhostaíocht inárachais chun cáiliú don Phinsean Stáit (Aistriú). Aistrefar tú go dtí an Pinsean Stáit (Ranníocach) sa ghnáthchúrsa ar shlánú 66 bliana d'aois duit. Ní athraíonn méid do phinsin.

Cáilíonn tú don Phinsean Stáit (Aistriú) más amhlaidh:

- go bhfuil tú idir 65 agus 66 **agus**
- go bhfuil tú ar scor ó fhostaíocht inárachais* **agus**
- go sásaíonn tú coinníollacha ranníoca árachais shóisialta áirithe.

*Ní gá duit an fhostaíocht a chur uait go hiomlán. Is féidir leat bheith fostaithe go páirtaimseartha agus suas le €38 sa tseachtain a thuilleamh, ag íoc ÁSPC ag Aicme J, nó suas le €5,000 sa bhliain ó fhéinfhostaíocht.

Is féidir Pinsean Stáit (Ranníocach) a éileamh ó aois 66. Is ceadmhach duit leanúint ar aghaidh ag obair agus an Pinsean Stáit (Ranníocach) á fháil agat.

Cáilíonn tú don Phinsean Stáit (Aistriú) más amhlaidh:

- go bhfuil tú 66 bliain nó os a chionn **agus**
- go sásaíonn tú coinníollacha ranníoca árachais shóisialta áirithe.

Is féidir leat bheith ag obair go lánaimseartha agus tú 66 nó os a chionn agus an Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil.

Má fhaigheann tú uasráta an Phinsin Easláine, aistrefar tú go dtí an Pinsean Stáit (Ranníocach) sa ghnáthchúrsa ar shlánú 66 bliain d'aois duit. Ní athraíonn méid do phinsin.

4. Cad iad na coinníollacha árachais shóisialta a chaithfear a chomhlíonadh chun an Pinsean Stáit (Aistriú) a fháil?

Cáileoidh tú don Phinsean Stáit (Aistriú) más amhlaidh:

- gur thosaigh tú ag íoc árachais shóisialta sular shlánaigh tú 55 bl. d'aois **agus**
- gur íoc tú 520 ranníocaíocht fostaíochta lánráta (is leor 260 ranníocaíocht lánráta **íochta** má bheidh tú 65 roimh an 6 Aibreán 2012) **agus**
 - meán bliantúil de 48 ranníocaíocht lánráta **íochta agus/nó creidiúnaithe** a bheith íochta ó 1979 go dtí deireadh na bliana ranníoca roimh do 65ú breithlá **nó**
 - meán bliantúil de 24 ranníocaíocht lánráta **íochta agus/nó creidiúnaithe** a bheith íochta ó 1953 (nó ón uair a thosaigh tú i bhfostaíocht inárachais, más déanaí sin) go dtí deireadh na bliana ranníoca roimh do 65ú breithlá

Nóta: Ní mór meán bliantúil de 24 ranníocaíocht lánráta a bheith agat chun an t-íosráta den Pinsean Stáit (Aistriú) a fháil. Ní mór meán bliantúil de 48 ranníocaíocht lánráta a bheith agat chun an t-uasráta a fháil.

5. Cad iad na coinníollacha árachais shóisialta a chaithfear a chomhlíonadh chun an Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil?

Cáileoidh tú don Phinsean Stáit (Ranníocach) más amhlaidh:

- gur thosaigh tú ag íoc árachais shóisialta sular shlánaigh tú 56 bl. d'aois **agus**
- gur íoc tú 520 ranníocaíocht fostaíochta lánráta (is leor 260 ranníocaíocht lánráta **íochta** má bheidh tú 66 roimh an 6 Aibreán 2012) **agus**
 - meán bliantúil de 48 ranníocaíocht lánráta **íochta agus/nó creidiúnaithe** a bheith íochta ó 1979 go dtí deireadh na bliana ranníoca roimh do 66ú breithlá **nó**
 - meán bliantúil de 10 ranníocaíocht lánráta **íochta agus/nó creidiúnaithe** a bheith íochta ó 1953 (nó ón uair a thosaigh tú i bhfostaíocht inárachais, más déanaí sin) go dtí deireadh na bliana ranníoca roimh do 66ú breithlá

Nóta: Ní mór meán bliantúil de 10 ranníocaíocht lánráta a bheith agat chun an t-íosráta den Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil. Ní mór meán bliantúil de 48 ranníocaíocht lánráta a bheith agat chun an t-uasráta a fháil.

6. Cad é an t-athrú ar líon íosta na ranníocaíochtaí íochta a bheidh ag teastáil don Phinsean Stáit (Aistriú) agus don Phinsean Stáit (Ranníocach) agus cathain a thiocfaidh sé isteach?

Ón 6 Aibreán 2012, teastóidh ar a laghad 520 ranníocaíocht íochta don Phinsean Stáit (Aistriú) agus don Phinsean Stáit (Ranníocach).

7. Cé na daoine a ndéanfaidh an t-athrú sin difear dóibh?

Ní mór duit 520 ranníocaíocht lánráta íochta ar a laghad a bheith agat má saolaíodh tú an 6 Aibreán 1946 nó dá éis i gcás an Phinsin Stáit (Ranníocach) nó an 6 Aibreán 1947 i gcás an Phinsin Stáit (Aistriú).

8. Cá bhfios dom an cineál ranníocaíochta atá á híoc agam?

Taispeántar aicme na ranníocaíochta, nó an aicme ÁSPC, ar do P60. Mínítear na haicmí difriúla ÁSPC i gCeisteanna 39 agus 40.

9. Cad is 'Bliain Ranníoca' ann?

"Bliain ranníoca" is ea bliain mheasúnachta laistigh de chiall na nAchtanna Cánach, agus "bliain chánach" a thugtar uirthi de ghnáth.

10. Cad iad "ranníocaíochtaí lánráta"?

Ranníocaíochtaí lánráta árachais shóisialta is ea ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicmí A, E, F, G, H agus N. Áirítear sa chatagóir seo, leis, ranníocaíochtaí ag an ngnáthráta a íocadh roimh an 6 Aibreán 1979.

11. Cad iad "ranníocaíochtaí mionathraithe"?

Ranníocaíochtaí mionathraithe árachais shóisialta is ea ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicmí B, C agus D. Áirítear sa chatagóir seo, leis, ranníocaíochtaí i leith Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtneir Shibhialta Mharthanaigh roimh an 6 Aibreán 1979.

12. Cad iad "ranníocaíochtaí féinfhostaithe"?

Rátaí ranníocaíochta árachais shóisialta do dhaoine féinfhostaithe is ea ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme S. Áirítear na ranníocaíochtaí sin mar ranníocaíochtaí lánráta don Phinsean Stáit (Ranníocach) ach ní áirítear iad don Phinsean Stáit (Aistriú).

Má bhí tú féinfhostaithe agus má thosaigh tú ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme S an 6 Aibreán 1988, d'fhéadfaí do theidlíocht ar Phinsean Stáit (Ranníocach) a ríomh bunaithe ar do thaifead árachais shóisialta ón dáta sin, ar choinníoll go gcomhlíonann tú na coinníollacha eile don phinsean sin.

Ní mór duit ranníocaíochtaí féinfhostaithe a bheith íoctha agat ar son bliana ar a laghad sula slánaíonn tú 66 bliain d'aois.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-íoctar aon dliteanas ÁSPC in am, ionas nach gcaillfear aon íocaíocht pinsin.

13. Tá níos lú ná 520 ranníocaíocht árachais shóisialta íoctha agam, ach d'íoc mé roinnt ranníocaíochtaí mionathraithe, leis. An féidir iad a úsáid chun an riachtanas seo a shásamh?

Is féidir, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad 260 ranníocaíocht lánráta **íoctha** agat. D'fhéadfaí tú a mheas le haghaidh pinsean 'árachais mheasctha' i gcás mar sin.

14. Níl 520 ranníocaíocht árachais shóisialta Éireannacha íoctha agam, ach d'oibrigh mé thar lear. An féidir liom mo ranníocaíochtaí árachais shóisialta ó thír eile a úsáid chun an riachtanas sin a shásamh?

Is féidir árachas sóisialta i dtír atá cumhdaithe ag Rialacháin AE nó i dtír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialta ag Éirinn léi a úsáid chun an coinníoll seo a chomhlíonadh. Gheobhaidh tú liosta de na tíortha sin i gCeist 38.

Nóta: Ní mór 52 ranníocaíocht/creidmheas árachais shóisialta Éireannacha a bheith agat in Éirinn, agus ceann amháin díobh ina ranníocaíocht íoctha.

15. An áirítear i leith an Phinsin Stáit (Aistriú)/(Ranníocach) ranníocaíochtaí árachais shóisialta a íocadh i dtír atá faoi chumhdach ag Rialacháin CE nó a bhfuil Comhaontú Slándála Sóisialta Déthaobhach ag Éirinn léi?

Muna gcáilíonn tú le haghaidh Pinsean Stáit (Aistriú) nó Pinsean Stáit (Ranníocach) bunaithe ar do thaifead árachais shóisialta Éireannach amháin, d'fhéadfadh na ranníocaíochtaí sin cabhrú leat cáiliú do phinsean Stáit pro rata faoi Rialacháin CE nó faoi Chomhaontú Slándála Sóisialta Déthaobhach. D'fhéadfá cáiliú do phinsean ón tír nó ó na tíortha eile, leis.

Agus iarratas á dhéanamh agat ar phinsean anseo, ba cheart duit sonraí aon fhostaíochta nó tréimhse chónaithe thar lear a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Cuirfimid na páipéir riachtanacha chuig na húdaráis sa tír i dtrácht, ar do shon, más í ceann de na tíortha atá liostaithe i gCeist 38 í.

16. Tá níos lú ná 520 ranníocaíocht árachais shóisialta íoctha agam, ach d'íoc mé roinnt ranníocaíochtaí deonacha, leis. An féidir iad a úsáid chun an riachtanas seo a shásamh?

Is féidir ranníocaíochtaí deonacha ardráta agus ráta speisialta a úsáid chun an coinníoll seo a shásamh, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad 260 ranníocaíocht **íoctha** agat.

Gheofar eolas breise ar ranníocaíochtaí deonacha ar www.welfare.ie nó ó:

Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Chorcaigh
Port Láirge
Glao Áitiúil 1890 690 690

17. Tá bearna i mo thaifead árachais shóisialta toisc gur chaith mé tréimhse ag tabhairt aire do leanbh faoi 12 nó do dhuine breoite. An ndéanfaidh sé sin difríocht do mo theidlíocht ar Phinsean Stáit (Ranníocach)?

Ón 6 Aibreán 1994, is féidir neamhaird a thabhairt ar aon tréimhse a caitheadh mar theaghlachóir nó ag tabhairt aire do leanbh faoi 12 nó do dhuine breoite agus 'meán bliantúil' an duine á ríomh. Féadfar neamhaird a thabhairt ar fhiche bliain ar a mhéad.

Ciallaíonn sin nach ndéanfaidh easpa ranníocaíochtaí sna blianta sin aon difear do do theidlíocht ar phinsean. (Ní bhaineann an neamhaird do thréimhsí teaghlachóra leis an bPinsean Stáit (Aistriú)).

18. Cá bhfaighidh mé cóip de mo thaifead árachais shóisialta?

Is féidir cóip de do thaifead árachais shóisialta a iarraidh

- ar líne faoi Seirbhísí ar Líne ar an láithreán Gréasáin www.welfare.ie or
- nó trí scríobh chuig Rannóg Lárnach na dTaifead (seoladh thíos) agus an t-eolas seo a thabhairt:
 - Uimhir PSP
 - Ainm
 - Seoladh
 - Dáta breithe
 - Sloinne Breithe (más bean phósta tú)
 - Sloinne Breithe do Mháthar
 - Uimhir Árachais Roimh 1979 (má d'oibrigh tú in Éirinn roimh 1979)
 - Uimhir theileafóin (ar eagla gur gá dúinn glaoch ort)

Rannóg Lárnach na dTaifead
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Mhic Artúir
Ardarvan
Bun Cranncha,
Co. Dhún na nGall
Glao Áitiúil 1890 690 690

19. An gcáileoidh mé do chreidmheasanna má théim ar scor luath?

D'fhéadfá a bheith i dteideal creidmheasanna Cuardaitheora Poist nó creidmheasanna Sochar Breoiteachta má shásaíonn tú coinníollacha na scéimeanna sin. Gheofar eolas breise ón Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh.

De rogha air sin, d'fhéadfadh duine ranníocaíocht dheonach a ioc chun a gcuid teidlíochtaí leasa shóisialaigh a chosaint.

Gheofar eolas breise ar ranníocaíochtaí deonacha ar www.welfare.ie nó ó:

Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Chorcaigh
Port Láirge
Glao áitiúil: 1890 690 690

20. Duine féinfhostaithe mé agus ní raibh orm árachas sóisialta a íoc sa bhliain ranníoca dheireanach. Cad is féidir liom a dhéanamh chun mo thaifead árachais shóisialta a chothabháil?

D'fhéadfá a bheith in ann ranníocaíochtaí deonacha a íoc chun do thaifead árachais shóisialta a chothabháil.

Gheofar breis eolais ar ranníocaíochtaí deonacha ar www.welfare.ie nó ó:

Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Chorcaigh
Port Láirge
Glao áitiúil: 1890 690 690

21. Conas a dhéanaim an 'Meán Bliantúil' a ríomh?

Comhair do bhlianta ranníoca ó 1979/80 suas go dtí an bhliain ranníoca dheiridh iomlán agus an bhliain sin san áireamh go dtí do 66ú breithlá i gcás an Phinsin Stáit (Ranníocach) nó do 65ú breithlá i gcás an Phinsin Stáit (Aistriú). Tabhair '*Blianta Ranníoca Iomlána*' air sin.

Comhair gach ranníocaíocht íoctha lánráta agus gach creidiúint sa tréimhse chéanna (féach Ceisteanna 8 & 10 thuas), Tabhair '*Ranníocaíochtaí agus Creidiúintí*' air sin.

Seo mar a ríomhtar do 'Mheán Bliantúil':

$$\text{Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}}$$

Bain úsáid as do mheán bliantúil faoi mar atá sé leagtha amach i gCeist 1 chun do ráta seachtainiúil pinsin a ríomh.

Sampla – Pinsean Stáit (Ranníocach):

Cuir i gcás go dtosaíonn duine ag íoc árachais shóisialta an 7 Lúnasa 1962. Shlánaigh an duine sin 66 bliana d'aois an 12 Márta 2012. Ba é 2011 an bhliain ranníoca dheiridh iomlán roimh an 66ú breithlám. Tá 1,260 ranníocaíocht agus creidiúint ag an duine sin a áirítear don Phinsean Stáit (Ranníocach).

Iomlán na mBlianta Ranníoca = 50

Ranníocaíochtaí agus Creidmheasanna = 1,260

$$\text{Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}} = \frac{1,260}{50} = 25$$

22. Conas a dhéanaim an 'Meán Bliantúil' a ríomh leis an Triail Ranníoca Mhalartach (ACT)?

Má tá 'Meán Bliantúil' de 48 ranníocaíocht íoctha ar a laghad agat (íoctha nó creidiúnaithe) ó Aibreán 1979, d'fhéadfá cáiliú don phinsean uasráta.

Comhair do bhlianta ranníoca ó 1979/80 suas go dtí an bhliain ranníoca dheiridh iomlán agus an bhliain sin san áireamh go dtí do 66ú breithlám i gcás an Phinsin Stáit (Ranníocach) nó 65 i gcás an Phinsin Stáit (Aistriú). Tabhair '*Blianta Ranníoca Iomlána*' air sin.

Comhair gach ranníocaíocht íoctha lánráta agus gach creidiúint sa tréimhse chéanna (féach Ceisteanna 8 & 10 thuas), Tabhair '*Ranníocaíochtaí agus Creidiúintí*' air sin.

Seo mar a ríomhtar do 'Mheán Bliantúil':

$$\text{Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}}$$

Sampla – Pinsean Stáit (Ranníocach):

Shlánaigh duine 66 bliana d'aois an 28 Samhain 2009. Ba é 2008 an bhliain ranníoca dheiridh iomlán roimh an 66ú breithlám. Tá 1,434 ranníocaíocht agus creidiúint ag an duine sin a áirítear don Phinsean Stáit (Ranníocach).

Iomlán na mBlianta Ranníoca = 30

Ranníocaíochtaí agus Creidmheasanna = 1,434

$$\text{Yearly Average} = \frac{\text{Contributions and Credits}}{\text{Total Contribution Years}} = \frac{1,434}{30} = 47.8 \text{ (slánaithe go 48)}$$

23. An féidir le mo chéile, mo pháirtneír sibhialta nó mo chomhchónaitheoir Pinsean Stáit (Aistriú) nó Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil bunaithe ar mo thaifead?

Ní féidir cáiliú d'aon cheann de na pinsin sin ach amháin ar do thaifid árachais shóisialta féin.

24. An féidir liom íocaíocht pinsin a fháil ar son céile, páirtneára sibhialta nó comhchónaitheora?

Is féidir iarratas a dhéanamh ar Mhéadú i leith Duine Aosaithe Cháilithe ar do phinsean. Duine aosaithe cáilithe is ea do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir. Íocaíocht faoi réir tástáil maoiné is ea an méadú sin.

Ní bhfaighidh tú an méadú sin má thuilleann do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir

- níos mó ná €310 sa tseachtain **nó**
- má tá sé/sí ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh ina ainm nó ina hainm féin (ach amháin an Pinsean Míchumais, An Liúntas Leasa Forlíontach, Íocaíocht Chaomhnóra nó Sochar Linbh) **nó**
- má tá sé/sí dícháilithe ó íocaíochtaí cuardaitheora a fháil fad a bhíonn sé nó sí páirteach in agóid thionsclaíoch **nó**
- má tá sé/sí páirteach i gcúrsa oiliúna FÁS/SOLAS neamhcheirde lánaimseartha nó cúrsa VTOS.

Má tá teacht isteach seachtainiúil is lú ná €100 ag do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir, gheobhaidh tú an méadú iomlán maidir leo.

Má tá teacht isteach idir €100 agus €300 acu, d'fhéadfá méadú laghdaithe a fháil maidir leo. I gcás acmhainní i bpáirt (m.sh. cuntas bainc i bpáirt) áirítear leath na n-acmhainní sin.

25. Cen sochar nó liúntas eile a bheadh ag dul dom?

Le cois an phinsin, d'fhéadfá cáiliú do na híocaíochtaí seachtainiúla seo a leanas:

- Méadú i leith Linbh Cháilithe – íoctar é sin i leith linbh faoi 18 mbliain d'aois nó suas go 22 bliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha atá ina chónaí nó ina cónaí leat agus á cothabháil nó á chothabháil agat;
- Liúntas Maireachtála Aonair – má tá tú 66 nó os a chionn agus má chónaíonn tú i d'aonar nó i d'aonar go príomha;

- Liúntas Oileáin – má tá tú 66 nó os a chionn agus má chónaíonn tú ar cheann de na hoileáin sonraithe amach ón gcósta;
- Liúntas Aois 80 – a íoctar go huathoibríoch ar 80 bliain a bheith slánaithe;
- Liúntas Breosla – íocaíocht faoi réir thástáil maoine, a fhaightear má chónaíonn tú i d'aonar nó le daoine áirithe eile;
- Sochair Teaghlaigh – Liúntas Leictreachais nó Gáis, Liúntas Teileafóin agus Saorcheadúnas Teilifíse. Ar fáil do dhaoine atá 70 nó os a chionn a chónaíonn sa Stát, agus do dhaoine faoi 70 a chónaíonn sa Stát i gcásanna áirithe. Ní féidir ach le duine amháin as teaghlach cáiliú don phacáiste sin ag am amháin.

Gheofar breis eolais ar www.welfare.ie.

26. Cathain agus conas a dhéanfaidh mé iarratas ar phinsean?

Má théann tú ar scor roimh do 65ú breithlá, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Aistriú) trí mhí roimh an bhreithlá sin.

Má théann tú ar scor idir do 65ú agus do 66ú breithlá, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Aistriú) trí mhí sula dtéann tú ar scor.

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Ranníocach), ba cheart duit é a dhéanamh trí mhí roimh do 66ú breithlá sin.

Má d'oibrigh tú in aon cheann de na tíortha a liostaítear i gCeist 38, ba cheart iarratas a dhéanamh ar phinsean 6 mhí sula mbeidh tú in aois inphinsin chun deis a thabhairt don tír/do na tíortha eile d'iarratas a chinneadh.

Nóta: Ó Aibreán 2012 ar aghaidh, d'fhéadfá cuid den phinsean a chailliúint má theipeann ort iarratas a dhéanamh laistigh de 6 mhí de bheith cáilithe.

Chun iarratas a dhéanamh ar cheachtar pinsean, comhlánaigh foirm SPT/C1 agus seol é chuig an seoladh thíos, agus na doiciméid tacaíochta léi:

Pinsean Stáit (Ranníocaíoch)
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar an Choláiste
Sligeach
Glao Áitiúil 1890 500 000

Gheofar eolas breise ar www.welfare.ie

27. Nílím sásta le cinneadh na Roinne ar m'iarratas ar phinsean. Cad ba cheart dom a dhéanamh anois?

Is féidir leat athbhreithniú a lorg ón Oifigeach Breithiúnacha trí scríobh chugainn agus a rá linn cén fáth ar cinneadh éagórach é, dar leat. Seo é an seoladh ar cheart scríobh chuige:

Pinsean Stáit (Ranníocaíoch)
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Más amhlaidh, tar éis an athbhreithnithe, go bhfuil tú míshásta fós leis an gcinneadh, féadfaidh tú é a achomharc chuig an Oifig Achomharc laistigh de 21 lá ó dháta an athbhreithnithe, ag:

Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

28. **Conas a bhfaighidh mé an íocaíocht?**

Íoctar Pinsean Stáit (Aistriú) agus an Pinsean Stáit (Ranníocach) gach seachtain:

- Ag d'Oifig Phoist áitiúil le Cárta Seirbhíse Sóisialta/Seirbhísí Poiblí **nó**
- I bhfoirm díríocaíochta isteach i do chuntas reatha, taisece nó coigiltis in institiúid airgeadais.

Ní mór duit aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl don Roinn láithreach.

29. **An mbaineann an Roinn Coimirce Sóisialaí cáin ioncain as mo Phinsean Stáit?**

Ní bhaineann an Roinn cáin ioncain as do phinsean.

Ach féachtar ar do phinsean, agus ar aon Mhéadú i leith Duine Aosaithe Cháilithe, Leanbh Cáilithe, Méadú i leith Cónaí Aonair, Liúntas Oileáin agus Liúntas Aois 80 mar theacht isteach chun críocha cánach agus braithfidh do dhliteanas cánach ar do chúinsí foriomlána.

Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'oifig chánach áitiúil má tá ceist agat mar gheall ar do dhliteanas cánach.

30. **Má théim thar lear, an bhfaighidh mé mo Phinsean Stáit (Aistriú) / (Ranníocach) i gcónaí?**

Má chónaíonn tú lasmuigh den Stát, nó má bheartaíonn tú é sin a dhéanamh, is féidir leat do phinsean a fháil i bhfoirm díríocaíochta isteach i do chuntas in institiúid airgeadais in Éirinn nó sa tír ina bhfuil cónaí ort.

Má bheartaíonn tú dul thar lear iarrtar ort do sheoladh nua a chur chugainn i scríbhinn, mar aon le haon athrú gur mhaith leat a dhéanamh ar do shocruithe íocaíochta.

An Roinn Cothabhála (SPT/SPC)

Má théann tú chun cónaithe thar lear, cuimhnigh nach mór duit aon athrú ar do chúinsí a chur in iúl don Roinn láithreach.

31. **Beidh me in aois inphinsin tar éis an 6 Aibreán 2012 ach ní bheidh 520 ranníocaíocht íoctha agam um an dtaca sin. Cad ba cheart dom a dhéanamh anois?**

D'fhéadfá iarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Neamhranníocach), ar íocaíocht faoi réir **thástáil maoin** í do dhaoine atá 66 nó os a chionn agus nach gcáilíonn don Phinsean Stáit (Ranníocach) bunaithe ar a dtaifead árachais shóisialta. Is iad d'acmhainní aon teacht isteach (caipiteal a bhaineann leatsa nó le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir agus maoin (seachas do theach féin) nó sócmhainn a d'fhéadfadh teacht isteach a sholáthar duit. Cáileoidh tú don Phinsean Stáit (Neamhranníocach) más ionann nó más lú ná €245.00 do theacht isteach seachtainiúil.

Pinsean inchánach é ach is ar éigean a bheadh cáin le hóc agat más é an t-aon teacht isteach atá agat. Measúnaítear d'acmhainní de réir rialacha ar leith faoi na ceannteidil seo a leanas:

Teacht isteach in airgead tirim (lena n-áirítear teacht isteach ó obair) atá agatsa nó ag do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir, m.sh. tuilleamh ó fhostaíocht, ó fhéinfhostaíocht, ó phinsean ceirde, nó phinsean Briotanach nó ó phinsean eachtrannach. Tugtar neamhaird ar €200.00 de theacht isteach ó fhostaíocht i gcás pinsinéirí fostaithe.

Ciallaíonn **luach caipitil** do choigilteas, d'infheistíochtaí, d'airgead tirim ar láimh agus aon mhaoin (seachas do theach féin) atá agat. Suimítear luach na nithe seo le chéile agus cuirtear foirmle speisialta (féach an tábla thíos) i bhfeidhm ar an luach iomlán chun d'acmhainn sheachtainiúil a ríomh. Má tá tú pósta, i bpáirtneireacht sibhialta nó ag comhchónaí le duine eile, déanfar gach duine den lánúin a mheasúnú i dtaca le leath den chaipiteal i bpáirt, leis an bhfoirmle seo a leanas:

Measúnú ar Acmhainn Sheachtainiúil Chaipitil

Méid an choigiltis agus na n-infheistíochtaí	Measúnú na hacmhainne seachtainiúla
An chéad €20,000.00	Nialas
An chéad €10,000.00 eile	€1.00 in aghaidh an €1,000.00
An chéad €10,000.00 eile	€2.00 in aghaidh an €1,000.00
Iarmhéid	€4.00 in aghaidh an €1,000.00

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh trí mhí roimh do 66ú breithlá.

Gheofar breis eolais ar www.welfare.ie nó ó:

Pinsean Stáit (Neamhranníocach)

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar an Choláiste
Sligeach
Glao Áitiúil 1890 500 000

32. Cad iad na socruithe nua a thabharfar isteach maidir le héilimh dhéanacha agus cathain a thiocfaidh siad isteach?

Ón 5 Aibreán 2012 ní féidir éilimh dhéanacha ar an bPinsean Stáit (Aistriú) a shiardhátú níos faide siar ná 6 mhí.

Ón 6 Aibreán 2012 ní féidir éilimh dhéanacha ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) a shiardhátú níos faide siar ná 6 mhí.

33. Cad a chiallaíonn sin do dhaoine a chuireann isteach ar na pinsin sin?

Ba cheart do dhaoine incháilithe cur isteach ar an bPinsean Stáit (Aistriú) nó an Pinsean Stáit (Ranníocach) a luaithe is féidir.

Má bhíonn an t-éileamh níos mó ná sé mhí déanach, glactar leis agus íocfar é má cháilíonn sé ach ní dhéanfar an íocaíocht a shiardhátú ach go ceann sé mhí roimh an dáta ar a bhfaighfear an t-éileamh sa Roinn.

34. Táim ag fáil ceann amháin de na pinsin sin cheana féin; an mbainfidh an t-athrú seo ar rátaí liomsa?

Ní bhainfidh na hathruithe seo ach le héilimh nua a gheofar ar na dátaí a luaitear i gCeist 32 thuas agus dá n-éis.

35. An bhfuil aon chás ina n-íocfadh an Roinn éileamh siardhátaithe níos sia siar ná sé mhí?

I gcásanna áirithe d'fhéadfaí éileamh a shiardhátú níos sia siar ná sé mhí:

- I gcás inar theip ort éileamh a dhéanamh ar an dáta teidlíochta toisc go bhfuair tusa, nó duine a ghníomhaigh ar do shon, eolas bréagach nó míthreorach ó bhall foirne den Roinn seo. Más amhlaidh atá, ní mór duit sonraí iomlána an eolais bhréagaigh nó mhíthreoraigh a fuair tú, agus ainm an oifigigh a thug duit é (más eol duit é), an oifig óna bhfuair tú an t-eolas sin agus an dáta ar a bhfuair tú é a chur ar fáil dúinn.
- I gcás inar theip ort éileamh a dhéanamh ar an dáta teidlíochta toisc go raibh tú chomh tinn nó chomh éagumasaithe de bharr tinnis nárbh fhéidir leat iarratas a dhéanamh nó iarraidh ar dhuine éigin eile an t-iarratas a dhéanamh ar do shon. Más amhlaidh atá, ní mór duit fianaise

dochtúra a sholáthar a mhíníonn an fáth nárbh fhéidir leat iarratas a dhéanamh nó iarraidh ar dhuine éigin eile an t-iarratas a dhéanamh ar do shon.

I gcás go maítear breoiteacht nó éagumas, ní mór d'éileamh ar phinsean a bheith déanta roimh nó laistigh de shé mhí ón dáta inar tháinig tú chun bheith sláintiúil nó gan a bheith éagumasaithe níos mó.

Nóta: Ní fhéachfar ar d'easpa eolais féin ar do theidlíocht ar phinsean nó easpa eolais aon duine a ghníomhaíonn ar do shon ar do theidlíocht ar phinsean mar nithe a chomhlíonann na critéir do shiardhátú an éilimh.

Ní fhéachfar ar easpa eolais ag tríú páirtithe, eolas nó comhairle neamhchruinn a thugtar duit, nó neamhghníomh ag duine aonair nó gníomhaireacht seachas ag fostaí de chuid ina Roinne, mar bhonn chun íocaíocht pinsin a shiardhátú tuilleadh.

36. Cad iad na socruithe nua a thabharfar isteach maidir leis an Mhéadú leathráta i leith Linbh Cáilithe agus cathain a thiocfaidh siad isteach?

Duine ar bith a éileoidh Pinsean Stáit (Aistriú) nó Pinsean Stáit (Ranníocach) ar an 5 Iúil 2012 nó dá éis, ní bheidh siad i dteideal an Mhéadaithe leathráta i leith Leanbh Cáilithe a éileamh i dtaca le leanbh cáilithe más amhlaidh gur airde ná €400 sa tseachtain teacht isteach céile, páirtnéara sibhialta nó comhchónaitheora.

37. Cá bhfaighinn tuilleadh eolais?

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar na pinsin seo

- ag www.welfare.ie
- Cuir glao ar d'Ionad Eolas do Shaoránaigh áitiúil nó ar d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh
- Glao Áitiúil 1890 500 000

38. Cad iad na tíortha atá faoi chumhdach Rialacháin CE nó a bhfuil Comhaontú Déthaobhach ag Éirinn leo?



An Astráil	An Ungáir	An Pholainn
An Ostair	An Íoslainn	An Phortaingéil
An Bheilg	Oileán Mhanainn	Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
An Bhulgáir	An Iodáil	Poblacht na Cóiré
Ceanada	An tSeapáin	An Rómáin
Oileáin Mhuir nloch	An Laitvia	An tSlóvaic
Poblacht na Seice	Lichtinstéin	An tSlóivéin
An Danmhairg	An Liotuáin	An Spáinn
An Eastóin	Lucsamburg	An tSualainn
An Fhionlainn	Málta	An Eilvéis
An Fhrainc	An Ísiltír	An Ríocht Aontaithe
An Ghearmáin	An Nua-Shéalainn	Stáit Aontaithe Mheiriceá
An Ghréig	An Iorua	

39. Cad iad na haicmí difriúla ÁSPC a íocann daoine anois?

Aicme ÁSPC	Cé a íocann an Aicme ÁSPC seo?	An áirítear é don Phinsean Stáit (Aistriú)?	An áirítear é don Phinsean Stáit (Ranníocach)?
A	Formhór na ndaoine a oibríonn san earnáil phríobháideach; státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí a earcaíodh an 6 Aibreán 1995 nó dá éis	Tá	Tá
B	Dochtúirí agus fioclóirí a oibríonn sa Státseirbhís; státseirbhísigh agus gardaí buana inphinsin a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995	Níl	Níl
C	Oifigigh Choimisiúnaithe Airm agus baill de Sheirbhís Altranais an Airm a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995	Níl	Níl
D	Fostaithe buana agus inphinsin eile sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995	Níl	Níl
E	Ministrí Reiligiúin a bhí fostaithe ag Coiste Ionadaíochta na hEaglaise	Tá	Tá
A	Oifigigh neamhchoimisiúnaithe agus pearsanra liostáilte in Óglaigh na hÉireann	Tá	Tá
J	Daoine ar lú ná €38 sa tseachtain a dteacht isteach inríofa; daoine atá os cionn 66; daoine i bhfo-fhostaíocht	Níl	Níl
K	Daoine ar phinsin cheirde; sealbhóirí oifigí áirithe; daoine atá os cionn 66 agus a d'íoc Aicme S roimhe seo	Níl	Níl
M	Fostaithe faoi 16; daoine in Aicme K nach bhfuil aon dliteanas ranníoca orthu	Níl	Níl
P (roghnach)	Scairiascairí atá ag íoc Aicme S cheana féin	Níl	Níl
S	Daoine féinhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí áirithe cuideachta agus daoine áirithe a bhfuil teacht isteach acu ó infheistíochtaí agus ó chíos	Níl	Tá

* Cur síos an-ghinearálta atá sa tábla seo ar Aicmí ÁSPC agus ar cé na daoine a íocann iad. Gheofar eolas breise ar www.welfare.ie

40. Cé na haicmí eile ÁSPC a bheadh íoctha ag daoine?

Aicme ÁSPC	Cé a íocann an Aicme ÁSPC seo?	An áirítear é don Phinsean Stáit (Aistriú)?	An áirítear é don Phinsean Stáit (Ranníocach)?
E	Suas go dtí 1991, scairiascairí páirtaimseartha agus oibríthe seachtracha nach raibh fostaithe faoi chonradh seirbhíse	Tá	Tá
F	Suas go dtí an bhliain 1991, oibríthe seachtracha a bhí fostaithe faoi chonradh seirbhíse	Tá	Tá
G	Suas go dtí 1991, fíodóirí seachtracha fireanna nach raibh fostaithe faoi chonradh seirbhíse	Tá	Tá
N	Suas go dtí 1991, Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe agus pearsanra liostáilte in Óglaigh na hÉireann	Tá	Tá

* Cur síos an-ghinearálta atá sa tábla seo ar Aicmí ÁSPC agus ar cé na daoine a íocann iad. Gheofar eolas breise ar www.welfare.ie